Dia bheatha ar ar los, a leinbh: dán ar bhreith oighre Dhomhnaill Mhic Dhomhnaill (†1686)

Cillian Ó Díomasaigh

Celtica 38 (2026), 507–519

DOI: 10.58480/SCS-vcn8u-58pjx

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

DIA BHEATHA AR AR LOS, A LEINBH: DÁN AR BHREITH OIGHRE DHOMHNAILL MHIC DHOMHNAILL (†1686)*

Achoimre

This article presents a critical edition and English translation of *Dia bheatha ar ar los, a leinbh*, a poem that was composed on the birth of an heir of Domhnall Mac Domhnaill (†1686), 13th of Clann Raghnaill, who lived in Mùideart, in Scotland. The poem was composed by Niall Mac Mhuirich (†1726) in the seventeenth century. The poet celebrates the heir's birth and praises his noble lineage, wishing him a long and prosperous life. This edition is based on the only surviving copy, which is found in MS 72.1.48, in the National Library of Scotland, and is accompanied by a discussion on the language and metre of the poem.

Réamhrá

Chuir Damian McManus agus Eoghan Ó Raghallaigh an dán seo i gcló cheana le heagarthóireacht éadrom ón LS chéanna mar dhán 163 in *ABM*. Thras-scríobh mé an dán as an lámhscríbhinn an athuair agus is liomsa an leagan thíos, ach tá mé faoi chomaoin acu as a gcuid moltaí, a chuaigh i gcion orm agus mé i mbun oibre ar an dán. Tá roinnt mhaith fadhbanna meadarachta agus brí leis an dán seo nár réitíodh go fóill ach is dán breá é agus measaim fós gur fiú é a chur ar fáil.

An file

Leagtar ar a laghad ocht ndán a cumadh sa tréimhse chéanna ar fhile darbh ainm Niall Mac Mhuirich (†1726).[1] Tá ceithre cinn acu seo le fáil i LS 72.1.48 i Leabharlann Náisiúnta na hAlban (a phléifear thíos): (i) ár ndán-na, (ii) *Fuaras cara ar sgáth na sgoile*,[2] (iii) *Mór an léan-sa ar aicme Íle*,[3] agus (iv) *T'aire riut, a Ghiolla Easbaig*.[4] Is léir gur cumadh an dara ceann acu seo, *Fuaras cara ar sgáth na sgoile*, ar fhear darbh ainm Séamas Mac Domhnaill, agus is dócha

*Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hEoin Mac Cárthaigh as na leasúcháin éagsúla a mhol sé ar dhréachtaí den eagrán seo. Táim an-bhuíoch freisin d'eagarthóirí *Celtica* agus den léitheoir anaithnid as ceartúcháin agus moltaí iomadúla. Mé féin faoi deara gach botún is dearmad.

[1] Leagtar suas le trí dhán déag ar Niall. Féach Thomson (1971: 281–307 agus 1977: 245–6).

[2] Tá an dán seo i gcló ag Macbain agus Kennedy (1892: 132–3).

[3] Tá an dan seo i glcó ag Macbain agus Kennedy (1892: 134–5).

[4] Fágadh an dán seo ar lár in eagrán Macbain agus Kennedy (1892).

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-vcn8u-58pjx

gurb é Séamas, taoiseach Chlann Raghnaill i Slèite, a fuair bás in 1678, atá i gceist (Black: 2011), ach nílim go hiomlán cinnte. Is léir gur chum Niall an tríú ceann, *Mór an léan-sa ar aicme Íle*, ar na Domhnallaigh a chaill a gcuid talún in Ìle sa seachtú haois déag. De réir dealraimh, chum Niall an ceathrú ceann, *T'aire riut, a Ghiolla Easbaig*, d'fhile eile.

Chum Niall dhá dhán ar a laghad ar Ailean (†1715), mac Dhomhnaill Mhic Dhomhnaill (†1686) (féach thíos): (v) *Maith an sgéal do sgaoil 'nar measg*,[5] a cumadh nuair a d'fhill Ailean ar ais go hAlbain (féach thíos) agus atá le fáil i LS 72.2.2 i Leabharlann Náisiúnta na hAlban; [6] agus (vi) *Do thuirling seasamh síol gCuinn*, marbhna ar bhás Ailein in 1715, atá le fáil i Leabhar Dearg Chlann Raghnaill agus atá in eagar ag Macbain agus Kennedy ina n-eagrán den LS sin (1894: 248–59).[7]

Tá dhá dhán eile i Leabhar Dearg Chlann Raghnaill a leagtar ar Niall agus ar freagraí iad ar dhánta a chum filí eile: (vii) *Nar leam chosnas tú clú Chuinn*, a cumadh mar fhreagra ar dhán le file darbh ainm Eóghan Ó Donnghaile; agus (viii) *Labhradh Trian Conghail go ciúin*, a cumadh d'fhile darbh ainm Diarmaid Mac an Bhaird.[8]

Is é seo an cuntas atá ag Macbain agus Kennedy ar Niall Mac Mhuirich:

> The early history of the Macdonalds down to about the year 1600 was probably composed by different and successive members of the family, but the history of the Montrose wars and of the events thereafter is clearly the work of Niall Mac Vurich, who lived till a great age, his youthful recollections being, as he himself says, of the reign of Charles I, while his latest efforts were elegies on the death of the brave Allan of Clanranald, who fell at Sheriffmuir in 1715. The Montrose history seems to have been written before the year 1700, and the avowed object of its author is to vindicate the part which the Gael played in the brilliant escapades of Montrose's campaigns. The hero in Mac Vurich's page is Alaster Macdonald, not Montrose, and, undoubtedly, Alaster did contribute, to an extent much underestimated, to Montrose's success.
>
> (Macbain agus Kennedy 1892: 139–40)

Más fíor gur bhreac an file féin an dán seo sa LS, is díol spéise é go bhfuil roinnt nithe sa dán nach leanann rialacha meadarachta, teanga, agus ortagrafaíochta a mbeifí ag súil leo san fhilíocht chlasaiceach (féach thíos). Féach tuilleadh plé ar fhilí ag breacadh dánta a chum siad féin in Ó Macháin (1991: 279–87).

[5] Tá sé ar intinn agam eagrán criticiúil den dán seo a chur ar fáil i mo thráchtas PhD.

[6] Féach Mckinnon (1912: 127–8) agus Mackechnie (1873: 209–14) do chur síos ar an LS seo.

[7] Féach Macbain agus Kennedy (1894: 138–47) do chur síos ar Leabhar Dearg Chlann Raghnaill agus ar chóipeanna LSe de.

[8] Tá an dá dhán seo i gcló in eagrán Macbain agus Kennedy (1894: 295–99).

An pátrún

Cumadh an dán seo nuair a rugadh mac de chuid Dhomhnaill Mhic Dhomhnaill,[9] duine de Chlann Raghnaill,[10] a bhí ina cheannaire ar an gcraobh seo de na Domhnallaigh agus a ghlac ról lárnach i gCogadh na dTrí Ríocht in Albain lena athair, Eóin Mac Domhnaill (†1670), Dara Taoiseach Déag Chlann Raghnaill, agus ansin in Éirinn in 1648 (Macdonald 2008: 317). Ba í Mór, iníon le Ruaidhrí Mór Mac Leòid, Tríú Taoiseach Déag Chlann Mhic Leòid, máthair Dhomhnaill (Macdonald 2008: 317). Phós Domhnall 'Janet' ar dtús, iníon Dhomhnaill Ghoirm, Céad Bhairnéad Shlèite, duine de Chlann Domhnaill, ach is léir nach raibh aon chlann acu (Macdonald 2008: 317–18). Ansin phós sé Mór, iníon Iain Mhic Leòid, Ceathrú Taoiseach Déag Chlann Mhic Leòid, agus bhí seisear páistí acu (Macdonald 2008: 318). Nílim go hiomlán cinnte cén mac de mhic Dhomhnaill ar ar cumadh an dán seo thíos. Bhí triúr mac ag an lánúin, agus tháinig beirt díobh i gcomharbas ar Dhomhnall mar cheannairí ar Chlann Raghnaill. B'fhéidir gur cumadh an dán d'Eóin 'Mhùideirt' (†1660idí), an mac ba shine a bhí ag Domhnall. Níl mórán ar eolas againn faoi Eóin, ach is léir nár phós sé riamh agus go bhfuair sé bás nuair a bhí sé bliain is fiche (Macdonald 2008: 318; Mosley 2003: 2471).

Seans gur cumadh an dán don dara mac ab óige, Ailean (†1715), a rugadh thart ar 1673. Tháinig Ailean i gcomharbas ar a athair nuair nach raibh sé ach trí bliana déag d'aois, agus thosaigh sé a shaol míleata nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois nuair a ghlac sé páirt in éirí amach na Seacaibíteach ag Cath Choille Chnagaidh faoi cheannas Céad Bhíocunta Dhún Dé in 1689 (Mosley 2003: 2471; Macdonald 2008: 318; Massue 1904: 31). Chuaigh sé go dtí an Fhrainc ina dhiaidh sin agus é ar deoraíocht nuair a theip ar an gcúis Sheacaibíteach agus throid sé in arm na Fraince faoi Dhiúc Berwick ar feadh tréimhse ach tháinig sé ar ais go hAlbain in 1696 le cúnamh ó Sheòras MacCoinnich, Céad Iarla Chrombaigh (Macdonald 2008: 318). Bhí cónaí air i gCaisleán Ormacleit in Uibhist a Deas ansin lena bhean, an Banbharún Penelope NicCoinnich, iníon an Choirnéil Alasdair MacCoinnich, ar bhuail sé léi agus a phós sé nuair a bhí sé sa Fhrainc (Massue 1904: 31). In 1715, thacaigh sé leis na fórsaí Seacaibíteacha i gcoinne fhórsaí na Breataine agus ar an tríú lá de mhí na Samhna, throid Ailean agus a fhir ag Cath Shliabh an tSiorraim agus fuair sé goin a bháis sa chath (Macdonald 2008: 318; Massue 1904: 32).

D'fhéadfadh sé a bheith gur cumadh an dán seo do Raghnall (†1725), an mac ab óige, ach, má cumadh, caithfidh gur scríobhadh an chóip seo de go gairid tar éis na breithe óir rugadh eisean thart ar 1677 (Massue 1904: 32) agus, de réir dealraimh, scríobhadh an lámhscríbhinn ina bhfuil an dán seo roimh 1678 ar a fhíordhéanaí (féach an plé ar an LS, thíos). Nuair a fuair a dheartháir Ailean bás in 1715, tháinig Raghnall i gcomharbacht air mar cheann fine. Chaith sé a sheal ar fad mar cheannaire ar deoraíocht sa Fhrainc mar

[9] Tá eagrán de dhán a cumadh do Dhomhnall féin le foilsiú agam amach anseo.

[10] Tá ginealach Chlann Raghnaill ar fáil i Leabhar Chlann Raghnaill (*BoC* 307) agus i Leabhar Uí Chléirigh (Pender 1951: §1698). Bhí na Domhnallaigh seo lonnaithe in Albain agus bhí cónaí orthu i gCaisleán Tioram, i Mùideart.

gheall ar an bpáirt a ghlac sé in éirí amach na Seacaibíteach in 1715. Níor phós sé riamh, agus fuair sé bás in Saint-Germain-en-Laye in 1725 gan oidhre (Mosley 2003: 2471; Macdonald 1978: 320; Massue 1904: 32).

Níl aon fhianaise sa dán féin a dheimhneodh cén mac ar ar cumadh an dán seo, seachas go gcuireann an file fáilte roimh an mac mar oidhre ar Dhomhnall (4a), agus seans go dtugann sé sin le fios gur cumadh é don mhac ba shine, Eóin, toisc gurbh eisean an chéad mhac a bhí aige ach nílim cinnte faoi seo.

Lámhscríbhinn

Chuir mé an dán seo in eagar ó LS 72.1.48 i Leabharlann Náisiúnta na hAlban, ina bhfuil an t-aon chóip amháin den dán seo, chomh fada agus is eol dom. Tá an dán ar fhóiliónna 9v, 10r, agus 10v. Deir Mackinnon (1912: 98) ina chatalóg:

> [The manuscript] evidently formed at one time part of the library of the *Mac Mhuirichs*, the hereditary bards of Clanranald of South Uist, several of the pieces being composed by one or other of this family.

Ní heol dom cé a scríobh an chuid is mó den LS, ach deir Black (2011) gur dócha gur scríobhadh í tar éis 1660 agus gur cumadh an dán is déanaí ar féidir dáta a chur leis roimh 1678.[11] Is léir nach é príomhscríobhaí na LSe a bhreac an dán seo agus dán eile a thosaíonn ar fol. 10v sa LS, agus déanann Black (2011) amach gurbh é an file féin, Niall Mac Mhuirich, a bhreac iad. Féach tuilleadh plé ar an bhfile seo, thuas.

Tá cuid mhaith den LS seo i gcló ag Macbain agus Kennedy (1892), ach níl ár ndán-na, ná sé dhán eile, san áireamh.

Modh eagarthóireachta

Is liomsa an phoncaíocht, na ceannlitreacha, suíomh síntí fada taobh istigh de shiollaí agus scaradh na bhfocal. Léirigh mé na háiteanna ina bhfuil noda sa lámhscríbhinn, seachas an ponc séimhithe, le cló iodálach. Scaoil mé 'e' ard i gcló iodálach mar *ei* nó mar *ea* ag brath ar an gcomhthéacs. D'úsáid mé macrain le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil. Bhain mé síntí fada nach bhfuil gá leo san eagrán de ghutaí agus de dhéfhoghair, seachas *eó*, agus thug mé léamh LSe i ngach cás. Thug mé léamh LSe aon uair a mhalartaigh mé ó leagan neamhstairiúil go leagan stairiúil i gcás *-mh-* agus *-bh-*, agus *-dh-* agus *-gh-*. D'athraigh mé an réamhfhocal simplí *a* síos tríd go *i* le léamh. D'úsáid mé lúibíní cearnógacha le léiriú go bhfuil litir curtha isteach agam, seachas nuair atá léamh LSe ag bun an leathanaigh. Gheofar léamh LSe ag bun an leathanaigh i gcás athruithe eile.

[11] *Fuaras cara ar sgáth na sgoile*. Féach an plé ar an bhfile, thuas.

Meadaracht

Is i ndeibhí, dán díreach, a cumadh an dán seo.

- Níl comhardadh slán ann in *leinbh* : *rīfhrēi*m[*h*] (1ab) ná in *neamharsuidh* : *deaghcosmhuil* (3cd) agus níl aon réiteach agam orthu sin. Níl comhardadh slán in *crobhuing* : *orraim* (4cd, LS *urrui*m) ach oiread, agus féach tuilleadh plé air seo, thíos.
- Tá *dhian* na LSe (11d) athraithe agam go *dhíon* ar mhaithe le comhardadh slán le *ríogh* (11c).
- Leasaigh mé easpa uama sa lámhscríbhinn in 2d agus in 6a. Féach tuilleadh faoi seo faoin bplé ar na hathruithe tosaigh, thíos.
- Tá *soc*air agus *anshoc*air (11ab) ró-ghar dá chéile ó thaobh foirme de chun rinn agus ardrinn a dhéanamh de réir *IGT* V §111 (féach Ó Riain 2025: 136) ach glactar lena leithéid in *BST* 217. Tá dhá shampla eile ar m'eolas de *socair* agus *anshocair* (féach *ABM* 92.43ab agus Ní Úrdail 2022: líne 16ab).
- Ní locht meadarachta é an comhardadh idir *dīol* : *dīol* (7cd) óir tá brí dhifriúil ag an dá fhocal (féach na nótaí, thíos).
- Níl rinn agus ardrinn ceart idir *chur-sa* agus *macn*us*a* in 3ab agus níl aon réiteach agam air sin.
- Níl aon réiteach agam ar an méid atá in easnamh i línte 10c agus 11a.
- Ní dhéanann *ndeighbheatha* in 11d ag deireadh an dáin dúnadh ceart lena thús, *Dia bheatha* (1a), toisc go bhfuil *Dia* aiceanta in 1a. Dá mbeadh *Do bheatha* ag tús an dáin ina áit (féach nóta 1a, thíos, le haghaidh tuilleadh plé ar an bhfrása seo), bheadh dúnadh ceart ann, óir d'fhéadfaí iarméarla a chur san áireamh nó a fhágáil ar lár i ndúnadh (Ní Dhomhnaill 1981: 50).

Teanga

Ainmfhocail

- D'athraigh mé *uath* na LSe go *ua* 'descendant' ar mhaithe le brí na línte in 2a, 5a, agus 6a. Níl aon sampla eile ar m'eolas de *uath* mar litriú leis an gciall chéanna. Scríobhtaí *h* mar nod i lamhscríbhinní chun *ua* nó aon fhoirm eile den fhocal a léiriú (Ó Corráin 2015: 306). Mar sin, seans go raibh *h* mar nod do na samplaí seo i gcóip eile den dán ar chóipeáil an scríobhaí uaithi agus gur scaoil sé *h* mar *uath* (an litir) in áit *ua* de thaisme, toisc go bhfuil an dá fhocal an-chosúil lena chéile. Má tá an ceart agam, is spéisiúil an botún é óir, de réir dealraimh, is é an file féin a bhreac an dán seo sa LS (féach thuas).
- D'athraigh mé *conn*bhaill na LSe i líne 2c chuig an bhfoirm stairiúil, *cong-bháil* (*IGT* III §68).
- D'athraigh mé *urrui*m na LSe go *orraim* in 4d le go dtiocfadh na gutaí san fhocal seo leis na gutaí in *crobhuing* (4c). Tugtar *oirrim* agus *uirrim* mar fhoirmeacha clasaiceacha sna tráchtais ghramadaí (*IGT* II §§13 agus 42) agus *urraim* (*IGT* II §42), ach ní luaitear *orraim*. Toisc go gceadaítí *oirrim* agus *uirrim*, seans maith gur shíl an file gur cheadmhach *orraim*

agus *urraim* freisin. Bíodh sin mar atá, níl comhardadh slán eatarthu fós óir, mar a deir Mac Cárthaigh (2007: 61–6), ní dhéanann consan teann aonair agus consan éadrom aonair comhardadh slán lena chéile tar éis guta gearr. Fiú dá nglacfaí lena mhalairt – go ndéanann an dá chineál consain seo comhardadh slán lena chéile tar éis guta gearr – níorbh iontach an sampla é seo óir, mar a chonacthas thuas, tá dhá shampla eile sa dán de chomhfhreagairt easnamhach (1ab, 3cd).

- Ar mhaithe le ciall na líne, choigeartaigh mé *uainn*e ('from us' (?)) na LSe i líne 2d go *uaidne* (*IGT* II §2, 'pillar'). Cé nach raibh *-dn-* inmhalartaithe le *-nn-* sa teanga chlasaiceach, is minic a litrítear *-dn-* mar *-nn-* i lámhscríbhinní (*SnaG* 354), agus seans go raibh *uainne* ag an bhfile sa teanga labhartha.
- Is díol spéise é an comhfhocal *Collfhuil* (< *Colla* + *fuil*) in 1c toisc go bhfuil easaontas ann sna tráchtais faoin gcineál seo comhfhocail (nuair a bháitear an guta deiridh den chéad fhocal i gcomhfhocal). Tugtar *comfocal lochtach* air in *IGT* V §137 (féach Ó Riain 2025: 158) ach in *IGT* I §94 agus in *BST* 207.5, tugtar *comhfhocal canamhna* air. Féach tuilleadh plé air seo in *ABP* 77 nóta agus in McManus (1996: 170).
- Deirtear in *IGT* I §46 gur chóir *g*(*h*) + *g*(*h*) i gcomhfhocal rialta a scríobh mar *g*. In *RGH* línte 176–9, áfach, molann an t-údar gur chóir an dá chonsan a fhágail mar atá sa scríbhneoireacht ionas go dtuigfear an focal. Ag dul leis an méid a luaitear in *RGH*, agus toisc nach bhfuil na consain in *d*[*h*]e*ar*g*gh*r*uadh* (3d) deimhnithe ag an meadaracht (: *nuadh*), níor athraigh mé a bhfuil sa LS go *dheargruadh*.
- Ar mhaithe le ciall na líne, d'athraigh mé *chruasghloin* '[of] pure deeds' na LSe go *chnuasghloin* '[of] pure pedigree' in 1c. Seans maith go raibh an *cn-* á rá mar *cr-* ag an scríobhaí.
- Ar mhaithe le ciall an rainn (féach an nóta ar an téacs), molaim gurbh é *ar nuaidhEóin* 'our new Eóin' a bhí ar intinn ag an bhfile in 8b in áit *ar n-uath Eóin* ('our descendant of Eoin' (?)) na LSe. Féach go bhfuil sampla de fhrása mar seo in 'The Book of Magauran' (McKenna 1947: XI.45d), *canta dhamh nuaidhBhrian a-nois* 'I call him another Brian'. Seans gur faoi thionchar na samplaí den litriú *uath* sa LS (i línte 2a, 5a agus 6a) a scríobhadh *nuath* anseo; chomh maith leis sin, ar ndóigh, féach gur minic a bhí *dh* agus *th* inmhalairte ag deireadh focal agus idir gutaí sa teanga chlasaiceach (*SnaG* 354).

Athrú tosaigh ar lorg ainmfhocal

- Níl aon sampla agam sa dán de shéimhiú le deimhniú meadarachta ar lorg tabharthach uatha den chineál a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach; tá dhá shampla gan deimhniú meadarachta in *don treibh dhuasmhu*ir *D*[*h*]*omhnalluigh* (1d) agus *a crobhuing chraoi Chu*inn (4c), ach comhlíonann an dara sampla na coinníollacha do shléagar. Ní féidir a bheith cinnte de go bhfaighfí séimhiú ar lorg tabharthach uatha sa dara leath den seachtú haois déag, ach d'fhéadfaí séimhiú a chur ar fáil in *'gar leanbh sochr*aidh *sophāirte* (10b), gan cur isteach ar an meadaracht. Chun séimhiú a chur ar

fáil ar lorg tabharthach uatha in *i* [*d*]*trāth feadhma* ar *féin*n*eadhuibh* (8d), níor mhór séimhiú a chur ar fáil ar lorg an réamhfhocail shimplí *ar*, freisin. De cheal tuilleadh fianaise, níor chuir mé séimhiú ar fáil san eagrán.

- Chuir mé séimhiú ar fáil ar lorg ginideach uatha den chineál a chuireann séimhiú ina dhiaidh sa teanga chlasaiceach in *dā uaidne fhon*n*bhāin f*[*h*]*ion*n*Ghall* (2d) agus in *Ionua Aonghais f*[*h*]*ui*nn *Íligh* (6a).
- Is féidir an séimhiú ar *fhon*n*bhāin* in 2d a mhíniú mar shléagar nó mar shéimhiú ar fhocal ar lorg ainmfhocal déach. D'fhéadfaí an easpa séimhithe ar *foraoisi* in 7d a thuiscint mar shléagar.

Briathra

- Nílim cinnte faoi fhoirmeacha an bhriathair *a-tá* in *go mbaoi fa orraim eadrui*nn (4d), *go mbaoi saidhbhir seanf*[*h*]*oirbh*[*th*]*e* (10d), agus […]*d rē go rabha soc*air (11a). Tá *mbaoi* deimhnithe ag an meadaracht in 4d (: *chraoi*) agus 10d (: *c*[*h*]*laoi*). Shílfí ar an gcéad amharc gur foirmeacha iad *mbaoi* agus *rabha* den 3 uatha caite spleách (*SnaG* 416), ach ní thiocfadh sé sin le ciall na línte, agus is leis an modh foshuiteach láithreach nó an aimsir fháistineach a bheadh súil anseo. Maidir le *mbaoi*, an tuiscint a bhainim as ná gur dócha go raibh an aimsir fháistineach spleách sa tríú pearsa ar intinn ag an bhfile, cf. an fhoirm spléach i nGàidhlig an lae inniu *-bi* (*SnaG* 691), óir sílim go dtéann sé sin le ciall na línte. Mura bhfuil an ceart agam, míniú eile a d'fhéadfaí a thabhairt, b'fhéidir, ná gur shíl an file gur cheadmhach *-baoi* chomh maith le *-ra*(*i*)*bh*/*-ro*(*i*)*bh* sa modh foshuiteach láithreach, trí analach le *-baoi* agus *-raibhe*/*-roibhe*/*-robha*/*-rabha* (agus an fhoirm iarchlasaiceach *-raibh* (*SnaG* 412)) na haimsire caite, ach ba dheacair é seo a chreidiúint óir féach go bhfuil úsáid chlasaiceach den fhoshuiteach in 9a. Chomh maith leis sin, tá an file ag labhairt leis an bpátrún in 4cd, *a leinbh a crobhuing chraoi Chui*nn / *go mbaoi fa orraim eadrui*nn, agus de réir *IGT* I §2, tá úsáid an tríú uatha mícheart anseo, óir ní raibh cead ag file labhairt le duine agus faoi dhuine sa rann céanna. Maidir le *rabha* (11a), bheifí ag súil leis an dara pearsa uatha den mhodh foshuiteach anseo, ag brath ar chiall na líne, agus níl aon réiteach agam air seo, seachas, b'fhéidir *rabha* a athrú go *rabhais* (*SnaG* 416), athrú nach millfeadh an mheadaracht. Níor athraigh mé a bhfuil sa LS.

Réamhfhocail

- Níl ach sampla amháin sa dán de shéimhiú ar lorg an réamhfhocail *ar*, i líne 9d, agus tá sampla amháin gan séimhiú ar a lorg, i líne 8d. Mar a dúradh thuas sa phlé ar athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal, dá gcuirfí séimhiú ar fáil in 8d i ndiaidh *ar*, níor mhór séimhiú a chur ar fáil ar lorg an tabharthaigh uatha sa líne sin chun uaim a sholáthar.
- Chuir mé séimhiú ar lorg *ga*n i líne 10c.
- D'athraigh mé an forainm réamhfhoclach *romhad* in 2a go *ród* (*SnaG* 436) chun líon na siollaí a leasú tar éis dom an mhír ghairmeach *a* a chur ar fáil ar mhaithe le brí na líne in [*a*] *ua na nEō*[*i*]*n*. Chomh maith leis sin, bheifí ag siúl le *ua* aiceantach sa suíomh seo (féach Ní Dhomhnaill 1975: 11) agus

tá sé ag teastáil chun uaim a dheimhniú (sa chaoi is nach bhféadfaidh bá gutaí a bheith ann idir [*a*] agus *ua*). Ba dheacair a chreidiúint go bhfágfadh Niall an mhír ghairmeach ar lár roimh ghuta, an gnáthnós inniu in Albain.

Eile

- Is mar fhorainm sealbhach 2 iolra (seachas 1 iolra) a thuigim *ar* i líne 1a ar mhaithe le ciall na líne. Féach go bhfuil *ur* agus *ar* (roimh ghutaí) i nGàidhlig an lae inniu sa 2 iolra (*SnaG* 684) agus gur minic 1 iolra agus 2 iolra á bhfuaimniú mar an gcéanna (Lamb 2024: 113–14).

Téacs

Niall M*ac* Mhui*r*ich c*ec*i*nit*

1. Dia bheatha ar *ar* los, a leinbh,
   Dia leat is rath ōd' rīfhrēi*m*[h],
   a gh[e]in chnuasghloin don Chollfhuil
   don treibh dhuasmhu*ir* D[h]o*mh*nalluigh.

2. Fāilte ród, [a] ua na nEō[i]n,
   Eō[i]n Mac Leóid, Eōin *ar* n-āirseōir,
   dā chuaille ag congbháil a gclann,
   dā uaidne fhon*n*bhāin f[h]ion*n*Ghall.

3. Do th*eacht* chugui*nn* do*n* chur-sa
   adhb[h]u*r* muirne is macn*us*a;
   a leinbh go neamharsuidh nuadh,
   deaghcosmhuil deilbh do d[h]e*ar*ggh*r*uadh.

Aistriúchán

1. A welcome on your account, child; may God be with you and prosperity from your kingly root, O child of pure pedigree of the bloodline of Colla, of the generous Mac Domhnaill dynasty.

2. Welcome to you, O descendant of the Eóins – Eóin Mac Leóid [and] Eóin our archer, two posts upholding their families, two pillars of the [Hebrides], land of the fair-haired foreigners.

3. Your coming to us now is a cause for high spirits and pleasure; O young and youthful child, the form of your red cheeks is very fitting.

Léamha lámhscríbhinne

1c. chruasghloin, chollfhuil₭; 2a. romhad, uath; 2b. mach; 2c. con*n*bhaill, gclain*n*; 2d. uain*n*e; 3c. nea*mhar*suigh núagh

4. Bh*eith ar* [t]h'ath*air* mu*r* oighre
ris an T*r*íonóid taobha[i]m-ne;
a leinbh a crobhuing chraoi Chui*nn*
go mbaoi fa orraim eadrui*nn*.

5. Le hua *agus* le m*a*c Mōire
guidhim Dia na deaghghlōire,
um ne*ar*t is mō nō minbhe,
go t*eacht* dó go deighinbhe.

6. Ionua Aonghais f[h]ui*nn* Íligh,
i*ar*mhō Ruaidhrí rírímhigh
dā gcuain-si*n* an tí tim-si;
nī dā n-uaislibh áirmhim-si.

7. Minic leo i n-am óla
cosna*mh* chādhuis onóra
is dīol roghaoisi na ran*n*
ag dīol foraoisi fion*n*Ghall.

8. A th*eacht* orui*nn* don fhuil rīogh,
ar nuaidhEóin – Dia dá d[h]eighdhīo*n* ! –
fā[th] d*ar* meanma 's d*ar* meadhair
i [d]t*r*āth feadhma *ar* féin*n*eadhuibh.

4. Let us trust in the Trinity that [you will] be your father's heir; O child from the cluster of the land of Conn, may [you] live to be esteemed among us (?).

5. I pray [to] the God of great glory on behalf of the grandson and son of Mór, who is greater in power than [he is] in [his] smallness, until he comes of age.

6. The great-great-grandson of Aonghas of the land of Islay, the great grandson of regal and handsome Ruaidhrí; this tender one is of their family; one of their nobles is the one I count.

7. In a time of drinking, they are wont to defend honour and pay for the great wisdom of quatrains [while] entertaining (?) the [men of the Hebrides], land of the fair-haired foreigners.

8. Our new Eóin – may God protect him! – coming to us from the royal bloodline is the reason for our high morale and high spirits in a time when warriors face battle.

4d. urrui*m*; 5a. huath; 6a. Ionuath; Il(?)igh(?); 6b. Ruaghri riri(?)mhigh; 6d. airbhimsi; 7a. a *in áit* i, ná*mh*; 8b. nuath Eoin, da ɡ(?); 8c. mheagh*air*; 8d. a *in áit* i

9. Go rabh Ath*air* na n-uile
g*a*c[h] aonu*air* dā ionghuire,
n*a*c[h] dīosg i n-am na hairce;
ban*n ar* Chrīosd fa [a] chomairce.

10. Guidhim saog[h]al is sláinte
'g*ar* leanbh sochr*aidh* sophāirte;
ráidhim ga*n* c[h]laoi c[hoidhch]e
go mbaoi saidhbhir seanf[h]oirbh[th]e.

11. [...]d rē go rabha soc*air*,
ga*n* orchra ga*n* anshoc*air*;
a leinbh ríogh le mbia breatha,
Dia dod' dhíon i ndeighbheatha.

Dia bheatha

9. May the God of all, who is not found wanting in times of need, watch over him at all times; may Christ undertake to protect him.

10. I pray for life and salvation for our dignified child of good fellowship; I say that, never defeated, he will [live to be] be (?) rich and a ripe old age.

11. As long as you live (?), may you be comfortable, without want or discomfort; O regal child who will be judged favourably, may God protect you in a good life.

9c. a *in áit* i, ná*m*; 9d. co*mhair*ce; 10c. r<aig>im (?); 11c. mbía; 11d. dhian a ndheighbeatha

Nótaí

1a. Is díol spéise é úsáid *Dia bheatha* anseo in áit na foirme a mbeifí ag súil léi, *Dia do bheatha.* Ní dócha gur fágadh an *do* ar lár de thimpiste óir bheadh an iomarca siollaí sa líne dá mbeadh sé ann. B'fhéidir go raibh *Do bheatha* ag an bhfile (frása atá ann fós sa Ghàidhlig), agur gur shíl an file gur leagan é sin de *Dia bheatha*, seachas de *Dia do bheatha.* Níl aon sampla eile agam de *Dia bheatha.* B'fhéidir, freisin, go dtagann sé ó *Dia a bheatha*, agus gur cailleadh an aidiacht shealbhach fhirinscneach mar gheall ar bhá. Féach an plé ar an bhfrása seo in Breatnach (1965) agus in Ó Cuív (1981). Féach freisin an plé thuas ar dhúnadh an dáin.

2d. Tuigim *bhāin* in *fhonnbhāin* mar ainmfhocal (aidiacht shubstaintithe) sa tuiseal ginideach. Is é sin, ginideach an fhocail *bán* 'untilled land, lea' (féach *eDIL* s.v. *bán* agus s.v. *bánta*). Féach an t-ainmfhocal *bán* 'lea, grassland' i nGaeilge an lae inniu (Ó Dónaill 1977: 83). Ba litriúla an t-aistriúchán 'untilled land of the fair-haired foreigners'.

4b. Tá m-fhleasc tríd an *b* in *taobha*[*i*]*m-ne* sa LS ach is léir gur scriosadh é.

5a. '… the grandson and son of Mór'. Ba é Mór ainm sheanmháthair agus mháthair an linbh. Féach an réamhrá.

5c. Níl aon sampla eile ar m'eolas i gcorpas na scol de *minbhe* ach táim buíoch den léitheoir anaithnid a chur *meinbhe* ar m'eolas. Tuigim *meinbhe* mar ainmfhocal teibí a chiallaíonn 'smallness'. Féach *meinbhe*, foirm bhreiscéime mhalartach den fhocal *meanbh* 'delicate, minute, tiny' sa Ghàidhlig (Wentworth 2003: 708). Féach *eDIL* s.v. *menb*. Féach an focal *mine* 'smallness, minuteness' i nGaeilge an lae inniu (Ó Dónaill 1977: 861).

6a. Is dócha gur ag tagairt atáthar anseo d'Aonghas Mac Domhnaill (†1614), Ochtú Taoiseach Dhùn Naomhaig, sin-sin-seanathair an linbh ar thaobh a athar (Macdonald 2008: 311). Tá deireadh na líne seo doiléir sa LS agus táim anbhuíoch den léitheoir anaithid a chur an léamh *Íligh* 'of Islay' ar mo shúile dom mar réiteach ar an doiléireacht seo. Ba é Ìle an áit a raibh Aonghas lonnaithe.

6b. Is dócha gur tagairt é seo do Ruaidhrí Mac Leòid (†1626), Tríu Taoiseach Déag Chlann Mhic Leòid, sin-seanathair an linbh ar thaobh a mháthar agus a athar (MacLeod 1927: 141, 152; Macdonald 2008: 318). Táim buíoch den léitheoir anaithnid a mhol an léamh *rírímhigh* 'regal and handsome'. Féach *rìmheach* = *rìomhach* 'elegant, handsome, stately, etc' sa Ghàidhlig (Dwelly 1911: 761–2).

7cd. Ba litriúla an t-aistriúchán 'forest of the fair-haired foreigners'. Déanaim amach go bhfuil an chiall 'paying' le *dīol* in 7c ach go bhfuil an chiall 'entertaining' le *dīol* in 7d. Féach *eDIL* s.v. *díl* agus féach na nótaí ar an meadaracht, thuas.

8b. Má tá an ceart agam gurbh é *ar nuaidhEóin* a bhí i gceist ag an bhfile, is dócha gur tagairt é seo do sheanathair an linbh, Eóin, Dara Taoiseach Déag Chlann Raghnaill.

11a. Tá tús na líne doléite sa LS ach b'fhéidir gur féidir [*le*]*d ré* nó [*re*]*d ré* a thuiscint leis an gciall 'as you long as you live'.

Giorrúcháin

ABP Eoin Mac Cárthaigh (ed.), *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin, 2014).

BoC Alexander Macbain agus John Kennedy (eds.), 'The Book of Clanranald', in *Reliquiae Celticae: Texts, Papers, and Studies in Gaelic Literature and Philology left by the Late Rev. Alexander Cameron, LL.D*, vol. 1, 138–309. (Inverness, 1892).

BST Lambert McKenna (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin, 1944).

RGH An tAth. Parthalán Mac Aogáin (ed.), 'Rudimenta Grammaticae Hibernicae', in *Graiméir Ghaeilge na mBráthar Mionúr* (Baile Átha Cliath, 1968).

Tagairtí

Black, Ronald 2011: *Catalogue of Gaelic Manuscripts in the National Library of Scotland*. Le fáil ar líne ag: https://www.isos.dias.ie/NLS/NLS_Adv_MS_72_1_48.html (ceadaíodh: 14 Lúnasa 2025).

Breatnach, Risteard A. 1962: 'The salutation *dia do bheatha*', *Éigse* 10/2, 96–102.

Dwelly, Edward 1911: *The Illustrated Gaelic Dictionary: Specially Designed for Beginners and for Use in Schools, Including Every Gaelic Word in All the Other Gaelic Dictionaries and Printed Books, as Well as an Immense Number Never in Print Before*, 3 vols (Herne Bay).

Lamb, William 2024: *Scottish Gaelic: A Comprehensive Grammar* (Oxon).

Macbain, Alexander and Kennedy, John 1892: *Reliquiae Celticae: Texts, Papers, and Studies in Gaelic Literature and Philology Left by the Late Rev. Alexander Cameron, LL.D*, vol. 1 (Inverness).

—— 1894: *Reliquiae Celticae: Texts, Papers, and Studies in Gaelic Literature and Philology Left by the Late Rev. Alexander Cameron, LL.D*, vol. 2 (Inverness).

Mac Cárthaigh, Eoin 2007: 'Cathain a dhéanfaidh consan teann comhardadh le consan éadrom?', *Ériu* 57, 61–6.

Macdonald, Donald 2008: *Clan Donald* (Gretna).

MacKechnie, John 1973: *Catalogue of Gaelic Manuscripts in Libraries in Great Britain and Ireland*, vol. 1 (Boston).

McKenna, Lambert 1941: 'Initial eclipsis and lenition, use of nominative for accusative in Early Modern Irish (based mainly on Magauran MS. and duanaire of Y.B.L.)', *Éigse* 3/1, 52–66.

—— 1947: *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin).

Mackinnon, Donald 1912: *A Descriptive Catalogue of Gaelic Manuscripts in the Advocates' Library Edinburgh and Elsewhere in Scotland* (Edinburgh).

MacLeod, Roderick 1927: *The MacLeods of Dunvegan from the Time of Leod to the End of the Seventeenth Century* (Edinburgh).

McManus, Damian 1996: 'Classical Modern Irish', in K. McCone and K. Simms (eds), *Progress in Medieval Irish Studies*, (Maynooth), 165–87.

Massue, Melville Henry 1904: *The Jacobite Peerage, Baronetage, Knightage and Grants of Honour* (London).

Mosley, Charles 2003: *Burke's Peerage: Baronetage & Knightage, Clan Chiefs, Scottish Feudal Barons,* 107th edition, vol. 2 (Stokesley).

Ní Dhomhnaill, Cáit 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).

—— 1981: 'Closure in bardic poetry', *Celtica* 14, 47–61.

Ní Úrdail, Meidhbhín 2022: ' "*A Éamainn, an agad féin!*": Dán coinntinne agus dán ómóis in éineacht', *Ériu* 72, 57–78.

Ó Corráin, Donnchadh 2015: 'Áui, úi, uí: a palaeographical problem?', in P. Moran and I. Warntjes (eds), *Early Medieval Ireland and Europe: Chronology, Contacts, Scholarship: A Festschrift for Dáibhí Ó Cróinín* (Turnhout), 301–9.

Ó Cuív, Brian 1981: 'The etymology of *Dia do bheatha*', *Celtica* 14, 27–42.

Ó Dónaill, Niall 1977: *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath).

Ó Macháin, Pádraig 1991: 'The Early Modern Irish prosodic tracts and the editing of "Bardic Verse" ', in H. L. C. Tristram (ed.), *Metrik und Medienwechsel/ Metrics and Media* (Tübingen), 271–87.

Ó Riain, Gordon 2025: *On the Faults of Poetry: An Edition of Irish Grammatical Tracts V*, *Irish Texts Society* 70 (London).

Pender, Séamus 1951: 'The O Clery Book of Genealogies: 23 D 17 (R.I.A.)', *Analecta Hibernica* 18, ix–xxxiii, 1–198.

Thomson, Derick S. 1971: 'The poetry of Niall MacMhuirich', *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* 46, 281–307.

—— 1977: 'Three seventeenth-century bardic poets: Niall Mór, Cathal and Niall MacMhuirich', in A. J. Aitken, M. P. McDiarmid, and D. S. Thomson (eds), *Bards and Makars: Scottish Language and Literature: Medieval and Renaissance* (Glasgow), 221–46.

Wentworth, Roy 2003: *Gaelic Words and Phrases from Wester Ross = Faclan is Abairtean Á Ros an Iar* (Inbhir Nis).

Cillian Ó Díomasaigh

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath